Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

# Nochtadh na Staire



**Art Ó Gríofa**

Iriseoir, Polaiteoir, Idirbheartaí

## Réamhrá

Rinne **Art Ó Gríofa** cion fir le linn tréimhse réabhlóideach na hÉireann agus é ag obair mar scríbhneoir, iriseoir, polaiteoir agus aire. Bhí tionchar ollmhór ag a leabhar The Resurrection of Hungary agus ar a chuid iriseoireachta bisiúla ar smaointe polaitíochta poblachtacha sna blianta roimh Chogadh na Saoirse in Éirinn. Ba ar Shinn Féin, an páirtí a bhunaigh sé sa bhliain 1905 a cuireadh an milleán as ucht Éirí na Cásca 1916, rud nach raibh fíor. In imeacht ama, áfach, bheadh an lámh in uachtar ag an bpáirtí céanna ar pholaitíocht na hÉireann. Cuireann páipéir phearsanta Uí Ghríofa, atá curtha i dtaisce ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann béim ar an ról lárnach a bhí aige le linn Chogadh na Saoirse, le linn idirbheartaíocht an Chonartha Angla-Éireannach agus le linn na ndíospóireachtaí bríomhara a tharla sa Dáil ina dhiaidh sin. Bhí baint lárnach ag Art Ó Gríofa le bunú an tSaorstáit Éireannaigh sular theip ar a shláinte faoi dheireadh sa bhliain 1922.

## Digitiú ar Fhoinsí Príomha Leabharlann

Bunaítear an PDF seo ar ábhar ó fhoinse phríomha, atá i dtaisce i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ábhar ar ndearnadh digitiú air chun Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain a cheiliúradh (1912-1923). Tá réimse doiciméad ann idir litreacha pearsanta, cuimhní cinn, páipéir oifigiúla agus lámhbhillí, mar aon le léarscáileanna agus grianghraif. Tá na doiciméid seo ina gcabhair chun comhthéacs a fháil maidir le cinntí agus meon na bhfear agus na mban, Art Ó Gríofa san áireamh, a raibh tionchar acu ar thréimhse na réabhlóide in Éirinn.

# Pointí Tábhachta

## 1904–1906

### Smaointeoir polaitiúil agus údar

Sa bhliain 1904 d'fhoilsigh Art Ó Gríofa leabhar dá chuid a raibh tionchar suntasach aige: *The Resurrection of Hungary: A Parallel for Ireland*. Bhain sé leas as sampla na bhfeisirí parlaiminte ón Ungáir a tharla sna 1860s nuair a mhol sé go n-éireoidh Baill Phairliminte na hÉireann as freastal ar Westminster, d'fhonn poblacht Éireannach a bhaint amach ar bhealach síochánta. Sa bhliain 1905, bhunaigh Ó Gríofa páirtí Shinn Féin agus bhí sé mar uachtarán agus leasuachtarán ann. Cé gur theip ar a nuachtán The United Irishman sa bhliain 1906, tháinig nuachtán eile Sinn Féin ina ionad.

## 1916

### Cuireadh Ó Gríofa sa phríosún

Cé nach raibh baint ghníomhach ag Ó Gríofa nó ag an bpáirtí le pleanáil Éirí Amach na Cásca 1916 nó leis an troid a bhí ann, is éard a thug Údaráis na Breataine ar an réabhlóid ná 'Réabhlóid Shinn Féin' rud a raibh dul amú orthu faoi. Mar gheall air seo, gearradh príosúnacht ar Ó Gríofa in Reading Gaol i Sasana.

## 1917–1918

### Toghadh sa Chéad Dáil é

I mí Dheireadh Fómhair 1917, d'éirigh Art Ó Gríofa as mar Uachtarán Shinn Féin de rogha ar Éamon de Valera agus ceapadh é mar leasuachtarán an pháirtí. Gabhadh i mí na Bealtaine 1918 é mar chuid den 'Chomhcheilg Ghearmánach', a d'fhág gur sa phríosún a bhí sé nuair a toghadh chuig parlaimint na Breataine é ar son an Chabháin Thoir i bhfothoghchán a tharla i mí an Mheithimh. San olltoghchán a tharla i Mí na Nollag, toghadh é go dtí an Chéad Dáil thar ceann an Chabháin Thoir agus Iarthuaisceart Thír Eoghain.

## 1919–1920

### Uachtarán na Dála

I Mí an Mhárta 1919, ceapadh Ó Gríofa mar Aire um Ghnóthaí Baile i gcaibinéad na Dála. Nuair a thaisteal De Valera go Meiriceá i Mí Mheithimh 1919, bhí Ó Gríofa mar Uachtarán Gníomhach sa Dáil agus is sa ról sin a bhí sé go dtí gur gabhadh é den uair dheireanach i Mí na Samhna 1920.

## 1921

### Idirbheartaí Conartha

Cheap de Valera Ó Gríofa mar chathaoirleach ar thoscaireacht na hÉireann le haghaidh idirbheartaíocht an Chonartha i Londain. Thosaigh an idirbheartaíocht seo in Deireadh Fómhair 1921 agus cuireadh críoch leo nuair a shínigh Ó Gríofa agus a chomhthoscairí an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig. Sna díospóireachtaí ar an gconradh a tharla sa Dáil ina dhiaidh sin, ba é Ó Gríofa an duine ba mhó a labhair i bhfabhar an chonartha agus tuairim mheáite aige go bhfuair na idirbheartaithe na téarmaí ab fhearr agus ab fhéidir. Bhí sé mar Aire Gnóthaí Eachtracha ó 1921 go 1922.

## 1922

### Fuair sé bás agus é 51 bliain d'aois

I ndiaidh dhaingniú an chonartha ar 7 Eanáir 1922, bhí Ó Gríofa mar Uachtarán na hÉireann in ionad de Valera agus chuir sé rialtas nua le chéile. Díreach i ndiaidh tús Chogadh na gCarad, fuair sé bás de bharr cliseadh croí agus é 51 bliain d'aois.



## Scríbhneoir

Trína chuid scríbhneoireachta, bhí tionchar ollmhór ag Art Ó Gríofa ar náisiúnachas na hÉireann san fhichiú haois luath. Chomhbhunaigh sé an nuachtán The United Irishman sa bhliain 1899 chun a chuid smaointe maidir le fríthbheartaíocht shíochánta agus bacóireacht shíochánta a chur chun cinn. Bhí a nuachtán i gceannas ar fheachtas poiblí a bhí i gcoinne earcú Éireannach in arm na Breataine le haghaidh Chogadh na mBórach. Faoin am ar foilsíodh a leabhar *The Resurrection of Hungary: A Parallel for Ireland* sa bhliain 1904, bhí sé den tuairim gur chóir d' Fheisirí Parlaiminte Éireannacha in Westminster neamhchomhoibriú a chleachtadh ionas go mbeadh ar an mBreatain socrú polaitiúil síochánta a aimsiú le poblachtaigh Éireannacha. Cé nár shíochánaí é, chreid sé go dteipfeadh ar réabhlóid Éireannach ar bith ar deireadh thiar thall, díreach mar a theip ar réabhlóid na mBórach san Afraic Theas. Mhairfeadh an smaoineamh seo d'Éire neamhspleách a bhí fós mar chuid d'impireacht na Breataine le linn na hidirbheartaíochta ar an gConradh Angla-Éireannach in 1921.



THE

UNITED IRISHMAN

A NATIONAL WEEKLY REVIEW.

No. 52. Vol. 3] DUBLIN, FEBRUARY 24th, 1900. [PRICE ONE PENNY.

ALL IRELAND.

The Rathmines Branch of the League has issued a very excellent collection of Gaelic songs under the title, "Ceol Sidhe." It contains most of the songs in Dr. Joyce's collection, along with several recent finds such as "An Bunnan Buidhe" and "Siobhan Nig Uidhir," and modern creations like Dr. Hyde's "Siubhail a Ghradh," Michael O'Sullivan's "Cailin Deas" and "Sa Mhuirnin Dilis." Of the value of he book there can be but one opinion, and we trust its sale may encourage a second number. If we have any fault to find with the book it is that so many accessible songs have been included, while hosts of equally good ones have been left on the pages of collections long since out of print. If we might make a suggestion for future issues, it would be that songs so easily procured as those in Joyce ought not to be reprinted. Let us seek to extend the range and add to the supply rather than be eternally repeating other people's labours. An indication, too, as to where the airs of these songs can be found would be advisable, seeing that it is actually impossible to secure song and air together.

* * *

O'Donnell's candidature for South Mayo, in Claremorris, on Monday last, Mr. P. A. M'Hugh, M.P., and Mayor of Sligo, said the supporters of John M'Bride were going to run a man who was doing good work where he was, and were going to put him *where he could do no good.*" The meeting applauded the idea. They have apparently not over much faith in the British Parliament. Yet Mr. M'Hugh draws all he can get for sitting in a place where, according to himself, he can "do no good."

* * *

An exhibition of Irish sketches by Mr. Jack B. Yeats has just opened in the Leinster Lecture Hall. Mr. Yeats, like his brother, has not allowed patronage to interfere with his interest in Ireland. As a book illustrator he has for years past stood in the front rank as a characteristic delineator of our people. He has felt the pathos and knows the humour of Irish life. He has lived among the people, and, being in sympathy with their thoughts and ideals, is therefore perfectly fitted to put them on canvas. All who can should visit the exhibition—types of Connaught life, the dancer, the hurler, the returned exile, the emigrant, fair, market, races, merrymaking and leave-taking, all are here. The city-reared man, who wants to see something of the life of the West, the

... *Mail*, he must keep closer to fact, or he would find himself farther from his bread-and-butter. Every Englishman has a pretty good idea of how the Irish Parliamentarians are treated by the assembly which they hold "in the hollow of their hand," &c., &c. Accordingly, here is how Mr. T. P. O'Connor has to tell the tale of that Wednesday Farce to the readers of the Jingo journal:—

There was a lonely and a listless House yesterday. It was partly because the business was an Irish Bill, and when an Irish Bill is introduced the majority of the members are willing to leave the debate to the Irishmen themselves; consent to come in when the division bell rings, and vote according to the beckoning hand of the Whips.

But why is all this habitually concealed by the apostles of Parliamentarianism? Why are all those appeals for support, appeals for admiration, appeals for money, put forth upon the Irish Political Market, and all the while the grim and disgusting truth is, that an Irish Debate is a bore which every English member avoids? "There was a lonely and listless house yesterday." Because it was an Irish Parliamentarian Field Day!

III. More Frankness by Mr. T. P. O'Connor, M.P.

But let me complete the picture in Mr. T.P. O'Connor's words, in the Jingo journal which he serves, as he goes on to explain how the British members vote, without ever

British troops." The names, date, place, all were given, and all were absolutely false. But the English Press took care to circulate the calumny far and wide. In connection with this infamy, the Reverend Malcolm MacColl writes to the London Press to point out that the object of such abominable and groundless accusations is to inflame the British soldiery with a ferocious hate of the Boers. We know that placards accusing the Boers of murder of wounded men and prisoners, in fact, accusing them of all the horrible enormities committed by Kitchener of Omdurman, were carefully posted in a number of barracks in Ireland for the special purpose of inflaming the Irish regiments to the point of blind fury useful for English policy. The Reverend Malcolm MacColl lays due stress upon such consequences, and goes on to relate an awful tale of English devilry during the Indian Mutiny, as an illustration of this British practice:

The soldiers will never hear of the refutation, and will go into battle inflamed with a desire to avenge a wicked lie. There is serious danger in this. Sir G. Pomeroy Colley, to his honour, denounced this sort of warfare against the Boers in 1881 as calculated to make his soldiers either "brutes or cowards." Those who have read the story of the Indian Mutiny will remember how the enormously exaggerated reports of outrages on our countrymen and countrywomen—terrible as the bare truth was—caused unfortunate excesses by our troops, who, on landing were, in some

An leathanach tosaigh den nuachtán *The United Irishman*, ar an 24 Feabhra 1900, ag cáineadh iompar na Breataine san Afraic Theas. Is féidir tuilleadh a fháil faoin nuachtán seo (MS 50,251/15) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000739162#p age/1/mode/1up**

## Ceannaire Polaitiúil

Bhunaigh Art Ó Gríofa an páirtí polaitiúil Sinn Féin i Mí na Samhna 1905. An aidhm a bhí luaite leis ná neamhspleáchas eacnamaíoch, cultúrtha agus polaitiúil na hÉireann a spreagadh agus bunú poblacht neamhspleách in Éirinn a chur chun cinn. Cúig shuíochán déag a bhuaigh Sinn Féin i dtoghcháin áitiúla Bhaile Átha Cliath in 1908 ach ba bheag an tionchar a bhí acu lasmuigh den phríomhchathair.

Ní raibh baint ag an bpáirtí ná ag Ó Gríofa é féin le pleanáil Éirí Amach na Cásca 1916 ná leis na himeachtaí a tharla. Ina ainneoin sin, áfach, is éard a thug rialtas na Breataine ar an troid ná 'réabhlóid Shinn Féin.' Gabhadh Ó Gríofa go sciobtha agus cuireadh i bpríosún é in Reading Gaol, Sasana.

I Mí Mhárta 1919, ceapadh Ó Gríofa mar Aire Gnóthaí Baile i gcaibinéad na Dála, sula raibh sé mar uachtarán gníomhach sa Dáil nuair a thaisteal de Valera go Meiriceá i Mí Mheithimh 1919.

# Bhunaigh Arthur Griffith an páirtí polaitiúil Sinn Féin i Mí na Samhna 1905




Treisíonn cártaí poist, cosúil leis an gceann seo, ar díoladh iad mar cineál cuimhneacháin ar Éirí Amach na Cásca, an creideamh bréagach gur 'réabhlóid Shinn Féin a bhí ann.' Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad seo (NPA DOCG22) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000721998**

## Príosúnach Polaitiúil

Faoi thrí a gabhadh Arthur Griffith le linn thréimhse na réabhlóide Éireannaí. I dtosach, cuireadh i bpríosún é in Reading Gaol sa bhliain 1916 tar éis Éirí Amach na Casca. Ansin, cuireadh i bpríosún é i Mí Bealtaine 1918 mar chuid den 'Comhcheilg Ghearmánach' a bhí cumtha. Mar gheall ar an bplean a bhí ag na Briotanaigh coinscríobh a chur i bhfeidhm in Éirinn sa bhliain 1918, bhí slógaí fríthchoinscríofa móra ar fud na tíre agus tháinig borradh ollmhór ar thacaíocht Shinn Féin agus neamhspleáchas na hÉireann. Fear diongbháilte agus deisbhéalach ab ea Ó Gríofa a bhí glan in éadan an Bhille um Seirbhís Míleata seo agus roghnaíodh é mar iarrthóir Shinn Féin le haghaidh suíocháin Westminster sa Chabhán Thoir. Sula raibh an toghchán ann, áfach, bhí Ó Gríofa i measc na 73 ceannaire de chuid Shinn Féin a gabhadh ar 17-18 Mí an Mheithimh 1918 toisc go raibh siad i mbun "cumarsáid tréasach leis an nGearmáin" dar le Lord French, Fear Ionaid an Rí. Mar gheall ar chúiseanna bréaga na comhcheilge Gearmánaí seo, chaith Ó Gríofa deich mí i bpríosún Gloucester. Le linn na tréimhse seo, toghadh é mar FP don Chabhán-Thoir.

I Mí na Samhna 1920, nuair a bhí sé mar Uachtarán gníomhach ar an Dáil, gabhadh in athuair é agus chaith sé seacht mí i bpríosún Mhuinseo, i mBaile Átha Cliath a bhí i bhfad ní ba chompordaí. Scaoileadh saor as an bpríosún é nuair a cuireadh tús le hidirbheartaíocht síochánta neamhoifigiúil.

Ina chuid páipéar pearsanta atá i dtaisce i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, tugtar léargas pearsanta ar gach ar fhulaing Ó Gríofa le linn na dtréimhsí príosúin seo agus cé chomh deacair is a bhí sé dá theaghlach nuair nach raibh sé sa bhaile. Tá a comhfhreagras idir é féin, a bhean chéile Maud agus a mhac Nevin, a scríobhadh agus é i bpríosún, sách tochtmhar. Tar éis dóibh a bheith ag cúirtéireacht ar feadh i bhfad, phós Art Ó Gríofa Mary Sheehan i Mí na Samhna, 1910. Cé go raibh aithne uirthi mar Maud, thug sé Molly uirthi i gcónaí. Saolaíodh beirt pháistí dá gcuid, Nevin agus Ita. Bhí Arm an Choróin ag déanamh ionsaithe de shíor ar a dteach i gCluain Tarbh le linn tréimhse réabhlóideach na hÉireann.




Cárta poist dar dáta 3 Márta 1919 a chuir Griffith chuig Nevin ó phríosún Gloucester, 'Abair le do Mhama go bhfuair mé a litir'. Bhí nuacht ón domhan lasmuigh den phríosún ina sheoid do na príosúnaigh Éireannacha poblachta. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin gcárta poist seo (MS 49,530/5/6) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000532501**)



Tagann Arthur Griffith go Downing Street, London le haghaidh idirbheartaíocht maidin 11 Deireadh Fómhair. 1921. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (NPA MKN30) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls0007**

## Idirbheartaí

Bhí Arthur Griffith mar chuid den toscaireacht síochánta Éireannach faoi stiúir Éamon de Valera a chuaigh go Londain i Mí Iúil 1921 chun idirbheartaíocht a dhéanamh le rialtas na Breataine ar son sos cogaidh. De bharr an tsosa seo, cuireadh críoch le Cogadh na Saoirse agus bhí idirbheartaíocht dheiridh na síochána ann. I mí Mheán Fómhair 1921, le tacaíocht iomlán ón Dáil, roghnaigh de Valera Ó Gríofa le bheith ina cheannaire ar fhoireann idirbheartaithe. Rachadh an fhoireann seo go Londain agus cead a gcinn acu glacadh nó diúltú le socrú ar bith a dhéanfaí le rialtas na Breataine, neamhspleách ón Dáil. D'fhan de Valera i mBaile Átha Cliath.

I mí Dheireadh Fómhair 1921, thosaigh idirbheartaíocht fhoirmiúil idir an dá thoscaireacht ag 10 Sráid Downing, Londain. Ba é an príomh-aire David Lloyd George a bhí i gceannas ar thoscaireacht na Breataine agus ba é Art Ó Gríofa a bhí i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann. Mhair an idirbheartaíocht, a bhí lán le teannas, go dtí Mí na Nollag, nuair a thug Lloyd George rabhadh deireanach do thoscairí na hÉireann. Sínigh an conradh nó tosóidh an cogadh idir an Bhreatain agus Éire láithreach bonn. Dúirt Ó Gríofa go síneodh sé an conradh, fiú dá mba rud é nach síneodh a chomhthoscairí é. D'aontaigh foireann idirbheartaíochta na hÉireann leis na téarmaí, fiú más go drogallach féin é. Shínigh lánchumhachtaigh na hÉireann agus lánchumhachtaigh na Breataine 'Airteagail chomhaontaithe do Chonradh idir an Bhreatain Mhór agus Éire' ag 2:15am ar an 6 Nollaig, 1921. Ba é Ó Gríofa an duine ba thúisce a shínigh an doiciméad.

**Bhí Arthur Griffith mar chuid den toscaireacht síochánta Éireannach a stiúir Éamon de Valera a chuaigh go London i Mí Iúil 1921**

## Duine ar son an Chonartha

Le téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh, tháinig scoilt idir Sinn Féin agus pobal na hÉireann. Bhí Art Ó Gríofa, a bhí meáite ar dheireadh a chur leis an bhforéigean in Éirinn, ag iarraidh go gceadódh an Dáil an Conradh mar chéim i dtreo an neamhspleáchais iomláin. Cé gur aontaigh sé leo siúd a bhí i gcoinne an Chonartha nárbh iad téarmaí an chonartha na téarmaí ab fhearr, mhaígh sé go láidir gurbh iad sin na téarmaí ab fhearr dá raibh ar fáil. Ba í a thuairim mheáite ná gur chóir go mbeadh leas mhuintir na hÉireann mar rogha tosaíochta seachas an t-idéalachas polaitiúil teibí.


Ba é Ó Gríofa a bhí mar sprioc ag an mbolscaireacht frith-chonartha chomhordaithe agus tugadh drochíde phearsanta dó le linn na díospóireachta nimhní a lean síniú an chonartha Angla-Éireannaigh. Bhí muinín aige, áfach, gur thacaigh an pobal lena sheasamh agus fuair sé a lán teachtaireachtaí príobháideacha ó mhuintir na hÉireann agus ón bpobal Gael-Mheiriceánach.

Ar an 19 Nollaig, mhol Ó Gríofa an rún "go bhfaomhann Dáil Éireann an Conradh idir an Bheatain Mhór agus Éire, arna síniú i Londain ar an 6 Nollaig, 1921." Bhain sé leas as an údarás polaitiúil suntasach a bhí aige mar an t-urlabhraí ba mhó a bhí ar son an chonartha sna díospóireachta sa Dáil ina dhiaidh sin. Ar an 7 Eanáir, 1922, chosain Ó Gríofa an conradh go láidir sa Dáil, mar fhreagra ar na hargóintí a bhí ag de Valera agus ag teachtaí Dála eile a bhí i gcoinne an Chonartha Bhí an bua acu siúd a bhí ar son an Chonartha nuair a dhaingnigh Dáil Éireann an conradh agus seasca a ceathair vóta acu i gcoinne caoga a seacht vóta. Nuair a buaileadh De Valera sa toghchán le haghaidh uachtarán na Dála ina dhiaidh sin, shiúil Teachtaí Dála frith-Chonartha amach as an seomra mar agóid. Toghadh Ó Gríofa ina áit agus chuir sé rialtas nua le chéile.

**'Go bhfaomhann Dáil Éireann an Conradh idir Breatáin Mhór agus Éire, arna shíniú in London ar 6 Nollaig 1921.'**




Cárta poist cuimhneacháin le portráid de Arthur Griffith a rinneadh agus an díoladh tar éis a bháis. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin gcárta poist seo (NPA POLF88) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000642643**





Póstear ar son an Chonartha ina liostaítear ceithre chúis chun vótáil ar son na dtéarmaí. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin bpóstaer (EPH A17) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000276809**

## Aire

Agus Art Ó Gríofa i gceannas ar an rialtas nua sa Dáil, ceapadh Mícheál Ó Coileáin ina chathaoirleach ar an rialtas sealadach Éireannach, a raibh cumhachtaí na Breataine sealbhaithe acu. D'fhreastail Ó Gríofa ar chruinnithe Chaibinéad an Rialtais Shealadaigh Nua seo, cé nárbh aire oifigiúil é. Faoi deireadh mhí Aibreáin 1922, níorbh ann do rialtas na Dála ar chor ar bith ach fós féin thug Ó Gríofa cuairt ar Londain go minic chun idirbheartaíocht a dhéanamh le rialtas na Breataine nó chun gníomhaíochtaí an rialtais shealadaigh a mhíniú. Le linn na tréimhse díreach roimh Chogadh na gCarad, bhí Ó Gríofa den tuairim mheáite gur chóir don rialtas sealadach a bheith níos déine ar shaighdiúirí ceannairceacha a bhí i gcoinne an Chonartha, ach bhí sé go hiomlán croíbhriste faoin am a thosaigh an troid i mí an Mheithimh, 1922.

## Míonna Deireanacha

Sna míonna roimh bhás Airt Uí Ghríofa in 1922 bhí comharthaí soiléire ann go raibh a shláinte ag teip air. An dua a bhain leis an mbaint mhór a bhí aige le hidirbheartaíocht an Chonartha Angla-Éireannaigh, an chosaint bhríomhar phoiblí a rinne sé ar an socrú a rinneadh agus na deacrachtaí a bhí ann maidir le bunú an tSaorstáit Éireannaigh nua, chuir na nithe seo ar fad leis an meath ar a shláinte. Tugtar le fios ina ráiteas sínithe deiridh, a scríobhadh ceithre mhí sula bhfuair sé bás i Mí Aibreáin 1922, go raibh a fhios aige go raibh a shláinte ag dul in olcas go sciobtha. In ainneoin na rabhadh sláinte seo, bhí Ó Gríofa tiomanta dá chuid oibre go dtí gur bhuail taom croí marfach é ar an 12 Lúnasa 1922. Gan ach 51 bliain slánaithe aige nuair a cailleadh é, ba é Art Ó Gríofa an chéad cheannaire ar rialtas Éireannach ar tugadh sochraid stáit dó. Dúnadh siopaí is dallóga tí ar fud fad Bhaile Átha Cliath. Cuireadh i Reilig Ghlas Naíon é.


In case of anything happening
me all I possess to go to my
wife. But a sum of £50, however
be provided for my sister. I hope
she will be looked after.
Let the people stand firm for
the Free State. It is their
national need and economic
salvation
and the Irish people

Ráiteas sínithe ó Arthur Griffith dar dáta 15 Aibreán 1922 agus a bhí scríofa i Sligeach. Baineann an ráiteas le diúscairt a sealúchais. Ina ráiteas deireadh, a osclaíodh tar éis a bháis, d'iarr sé ar mhuintir na hÉireann 'seasamh go diongbháilte ar son an tSaorstáit.' Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin doiciméad (MS 49,530/20) ag **https://catalogue.nli.ie/Record/vtls000532762**

## Conclúid

Bhí Art Ó Gríofa, a bhí mar scríbhneoir, iriseoir agus polaiteoir, ar dhuine de na daoine ba thábhachtaí le linn thréimhse na réabhlóide in Éirinn. Mar eagarthóir nuachtáin agus mar iriseoir, bhí tionchar aige ar fhorbairt na smaointeoireachta polaitiúla poblachtaí. Tháinig na smaointe faoi fhéinrialú Éireann trí bhealaí síochántachta, mar ar cuireadh síos orthu ina leabhar *The Resurrection of Hungary: A Parallel for Ireland* faoi bhláth faoi dheireadh nuair a cruthaíodh an Conradh Angla-Éireannach sa bhliain 1921. Bhí Ó Gríofa ina pholaiteoir cumasach agus éifeachtach. Ba é a bhunaigh Sinn Féin, páirtí ar cuireadh an milleán go héagórach air faoi Éirí Amach na Cásca 1916, ach a raibh an lámh in uachtar aige i bpolaitíocht na hÉireann. Cé nár mhíleatach é agus cé nach raibh baint aige le troid ar bith, is iomaí uair a cuireadh i bpríosún é mar gheall ar a chreidimh pholaitiúla. Léiríodh a stádas i ngrúpaí poblachtacha nuair a ceapadh é mar chathaoirleach ar na toscairí Éireannacha a rinne idirbheartaíocht le haghaidh an Chonartha Angla-Éireannaigh. Tháinig meath ar chlú polaitiúil Airt Uí Ghríofa go luath i ndiaidh a bháis sa bhliain 1922, áfach, mar gheall ar phoblachtaigh thábhachtacha eile ar nós Mícheál Ó Coileáin, a maraíodh deich lá i ndiaidh bhás Uí Ghríofa.




Leacht Cuimhneacháin Griffith-Collins, Leinster Lawn, Dublin. Thug an léacht cuimhneacháin seo, a nochtadh sa bhliain 1923, comhonóir do Griffith agus Collins. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (NPA DOCG59) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000722255**



Sochraid Arthur Griffith ag fágail City Hall i mBaile Átha Cliath, mar a raibh sé ina luí faoi ghradam stáit, ar 16 Lúnasa 1922. Is féidir tuilleadh a fháil amach faoin ngrianghraf seo (Ke 167) ag **http://catalogue.nli.ie/Record/vtls000030679**

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

National Library of Ireland

**Faigh tuilleadh eolais amach faoi chlár Nochtadh na Staire ag:**

**nli.ie/RevealingHistory.aspx**